# Ráiteas Inrochtaineachta

Táimid tiomanta dá shuíomh gréasáin a dhéanamh inrochtana, de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchlár móibíleach chomhlachtaí na hearnála poiblí), 2020.

Táimid tiomanta a chinntiú go bhfuil an suíomh gréasáin seo inrochtana don lucht féachana is leithne is féidir, beag beann ar theicneolaíocht nó ar chumas. Táimid ag obair chun inrochtaineacht agus inúsáidteacht ár suímh gréasáin a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, cloímid le go leor de na caighdeáin agus de na treoirlínte atá ar fáil.

## Stádas comhlíontachta

Tá an suíomh gréasáin seo i gcomhréir go páirteach leis na treoirlínte maidir le hinrochtaineacht ábhair gréasáin (WCAG) 2.1 ar leibhéal AA. Is éard is brí le ‘comhlíontach go páirteach’ nach bhfuil codanna áirithe den ábhar i gcomhréir go hiomlán leis an gcaighdeán inrochtaineachta go fóill (féach ábhar neamh-inrochtana thíos).

## Ábhar nach bhfuil inrochtana

Táimid ag obair faoi láthair chun fadhbanna inrochtaineachta a shainaithint agus a réiteach. D’fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain iomlán ar roinnt ábhar ar na cúiseanna seo a leanas:

Doiciméid PDF: D’fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain iomlán ag bogearraí léitheoirí scáileáin ar roinnt doiciméad PDF níos sine (amhail foilseacháin stairiúla nó tuarascálacha bliantúla níos sine), nó d’fhéadfadh naisc atá as dáta a bheith iontu. Tá nuashonrú á dhéanamh againn orthu.

## An ráiteas inrochtaineachta seo a ullmhú

Ullmhaíodh an ráiteas seo an 3 Feabhra 2026 trí úsáid a bhaint as modheolaíocht féinmheasúnaithe. Rinneadh an ráiteas a athbhreithniú go deireanach an 3 Feabhra 2026.

Rinneadh leathanaigh ionadaíocha a thástáil trí úsáid a bhaint as rogha uirlisí uathoibrithe, brabhsálaithe, córas oibriúcháin agus teicneolaíochtaí cúnta lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas):

- Brabhsálaithe nua-aimseartha (m.sh. Chrome, Firefox)
- Google Lighthouse
- Silktide
- Nascleanúint méarchláir amháin
- Uirlisí forbróra brabhsálaí (m.sh. Léargais Inrochtaineachta don Ghréasán)
- iOS (a sheasann do Chóras Oibriúcháin iPhone)

## Aiseolas agus sonraí teagmhála

Fáiltímid roimh aiseolas uait maidir le hinrochtaineacht shuíomh gréasáin Údarás Uchtála na hÉireann. Má thagann tú ar bhacainní inrochtaineachta, cuir an méid sin in iúl dúinn:

- **Ríomhphost:** corporate@aai.gov.ie
- **Fón:** +353 1 2309 300
- **Seoladh Poist:** Teach Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, D04 H6F6, Éire.

Admhóimid d'iarratas laistigh de 7 lá agus cuirfimid freagra iomlán ar fáil laistigh de 30 lá.

## Nós imeachta forfheidhmiúcháin

Mura bhfuil tú sásta lenár bhfreagra ar d’fhógra nó ar d’iarratas, is féidir leat gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman:

- **Oifig an Ombudsman:** 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.
- **Ríomhphost:** complaints@ombudsman.ie
- **Suíomh gréasáin:** www.ombudsman.ie